**Ceist le haghaidh freagra ó bhéal O-000026/2017**
**chuig an gComhairle**
Rule 128
**Fabio De Masi, Marina Albiol Guzmán, Gabriele Zimmer, Dennis de Jong, Anne-Marie Mineur, Jean-Luc Mélenchon, Eleonora Forenza, Curzio Maltese, Luke Ming Flanagan, Nikolaos Chountis, Sofia Sakorafa, Miguel Urbán Crespo, Tania González Peñas, Xabier Benito Ziluaga, Lola Sánchez Caldentey, Estefanía Torres Martínez, Neoklis Sylikiotis, Stefan Eck, Dimitrios Papadimoulis, Barbara Spinelli, Cornelia Ernst, Kostas Chrysogonos, Stelios Kouloglou, Miguel Viegas, João Ferreira, João Pimenta Lopes, Anja Hazekamp, Kostadinka Kuneva, Paloma López Bermejo, Helmut Scholz, Marisa Matias, Josu Juaristi Abaunz, Rina Ronja Kari, Sabine Lösing, Ángela Vallina, Takis Hadjigeorgiou**
, thar ceann an Ghrúpa GUE/NGL

Ábhar: An méid a dúirt an tUasal Dijsselbloem i dtaca le cad ba shiocair leis an ngéarchéim eacnamaíoch i ndeisceart na hEorpa

Dúirt Uachtarán an Ghrúpa Euro agus aire airgeadais reatha na hÍsiltíre, an tUasal Dijsselbloem, an méid seo a leanas in agallamh leis an nuachtán Gearmánach *Frankfurter Allgemeine Zeitung* (FAZ) a foilsíodh an 20 Márta 2017: "Ós daonlathach sóisialach mé, táim den tuairim go bhfuil an dlúthpháirtíocht thar a bheith tábhachtach. Mar sin féin, tá dualgais freisin ar an té a lorgann í. Ní féidir liom mo chuid airgid ar fad a chaitheamh ar dheochanna meisciúla agus ar mhná agus dá éis sin bheith ag iarraidh ort tacaíocht airgeadais a thabhairt dom. Baineann an prionsabal sin leis an leibhéal pearsanta, áitiúil, náisiúnta agus Eorpach."

An gceapann an Chomhairle go bhfuil an fhoclaíocht a d'úsáid an tUasal Dijsselbloem inghlactha agus ag teacht le freagrachtaí a phoist? Thairis sin, an dóigh leis an gComhairle go bhfuil ráiteas an Uasail Dijsselbloem ar chaiteachas pearsanta ar mhná agus ar alcól agus dá éis sin bheith ag iarraidh ar dhaoine eile tacaíocht airgeadais a thabhairt cuí i gcomhthéacs na bhfadhbanna eacnamaíocha i ndeisceart na hEorpa? Mura dóigh leis an gComhairle go bhfuil sé cuí, an féidir léi tuilleadh eolais a thabhairt ar cad eile ba shiocair leis na fadhbanna eacnamaíocha?

Curtha síos: 28.3.2017
Curtha ar aghaidh: 29.3.2017
Spriocam le haghaidh freagra: 19.4.2017